2024/2548

17.10.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 181/2024

an 5 Iúil 2024

lena leasaítear Prótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE, [2024/2548]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun go gcumhdófar Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE [1].

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 31 agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs an naoú fleasc (Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Airteagal 16 de Phrótacal 31:

'**32022 R 2371**: Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022, lch. 26).

Beidh Stáit CSTE rannpháirteach go hiomlán sa Choiste Slándála Sláinte agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag Ballstáit an Aontais, cé is moite den cheart vótála.

De bhua Airteagal 79(3) den Chomhaontú, beidh feidhm ag Cuid VII (Forálacha Institiúideacha) den Chomhaontú, cé is moite de Ranna 1 agus 2 de Chaibidil 3, maidir leis an bhfleasc seo.'

Airteagal 2

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i bPrótacal 37 a ghabhann leis an gComhaontú:

'49. An Coiste Slándála Sláinte (Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).'

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE (*).

(1) IO L 314, 6.12.2022, lch. 26.
(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Iúil 2024.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Anders H. Eide